

INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO
SCRÚDÚ FAOI THEASTAIS GHAEILGE, EARRACH, 2023

SCRÚDÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE

Triail Chluastuisceana– 100 MARC

Thart ar 50 nóiméad don triail seo. Gach ceist a fhreagairt as gach Roinn.

Líon na boscaí seo, le do thoil:-

Uimhir Scrúdaithe	Uimhir PPS	Uimhir Oide

ROINN A: FÓGRAÍ

Seinnfear trí fhógra sa Roinn seo. Seinnfear gach fógra díobh faoi dhó. Tabharfar sosanna duit le haghaidh scríobh na bhfreagraí tar éis gach éisteachta.

FÓGRA I

1. Céard atá á baint amach ag na páistí ón Úcráin?

2. Cén grúpa a chabhraigh le *C.O.G.G.* na hacmhainní a fhorbairt?

3. Cén ghné den teanga a chlúdaítear ar na póstaer?

4. Céard a fhorbróidh na múinteoirí sna páistí le cabhair ó na mataí teanga?

5. Céard atá ar fáil trí theagmháil a dhéanamh le *C.O.G.G.*?

FÓGRA II

1. Cé a d'eisigh an fógra?

2. Cén aidhm atá ag an imeacht?

3. Cén buntáiste a bhaineann leis an imeacht?

4. Cé mhéad páiste a ghlac páirt san imeacht anuraidh?

5. Céard é an spriocdháta chun clárú don imeacht?

FÓGRA III

1. Cathain a bhíonn an oíche amhránaíochta ar siúl?

2. Cá bhfuil *Club Chonradh na Gaeilge* suite?

3. Cén moladh a thugtar d'amhránaithe maidir le focail na n-amhrán?

4. Lasmuigh d'amhránaithe, cén grúpa eile a bhfuil fáilte rompu ag an oíche?

5. Cén t-am a osclófar na doirse ar an 4 Bealtaine?

ROINN B: COMHRÁITE

Seinnfear trí chomhrá sa Roinn seo. Seinnfear gach comhrá díobh faoi thrí. Tabharfar sosanna duit le haghaidh scríobh na bhfreagraí tar éis gach éisteachta.

COMHRÁ I

1. Cá bhfuil an t-agallamh foilsithe?

2. Cén contae ina bhfuil Fiona ag múineadh?

3. Cá fhad a chaith Fiona i Londain?

4. Cén scrúdú a dhéanfaidh Máire agus Tadhg i mbliana?

5. Céard a dhéanfaidh Tadhg níos déanaí?

Ar lean →

COMHRÁ II

1. Cén aois a bhí ag Angela Lansbury nuair a fuair sí bás?

2. Céard as d'athair Angela Lansbury ó dhúchas?

3. Cén post a bhí ag máthair Angela Lansbury?

4. Dar le hAngela Lansbury féin, cén tréith dá cuid a fuair sí ó na hÉireannaigh?

5. Cén áit in Éirinn ar chaith Angela Lansbury tréimhse ina cónaí?

COMHRÁ III

1. Cén rang atá ag Moya i mbliana?

2. Céard a rinne Pól lena rang don Cháisc?

3. Cén ghníomhaíocht ealaíne nár éirigh le Pól a dhéanamh lena rang don Cháisc i mbliana?

4. Cén leabhar faoin gCáisc nach bhfaca Pól roimhe seo?

5. Cá bhfuair Moya an leabhar?

ROINN C: MÍREANNA NUACHTA

Seinnfear trí mhír nuachta sa Roinn seo. Seinnfear gach mír díobh faoi dhó. Tabharfar sosanna duit le haghaidh scríobh na bhfreagraí tar éis gach éisteachta.

MÍR NUACHTA I

1. Cár seoladh na hacmhainní nua?

2. Lasmuigh de mhúinteoirí agus de Phríomhoidí, cén grúpa eile a bhí i láthair ag an seoladh?

3. Cén post atá ag Bláthnaid Ní Ghréachain?

4. Chomh maith le hacmhainní i réimse an uathachais a chur ar fáil, cén aidhm eile atá ag *Gaeloideachas*?

5. Cé na scoileanna a ndearna Bláthnaid comhghairdeas leo?

Ar Lean →

MÍR NUACHTA II

1. Cén t-ealaíontóir a rinne na pictiúir a cuireadh ar ceant?

2. Cé na radhairc a bhí sna pictiúir a cuireadh ar ceant inné?

3. Cén post a bhí ag an Athair Eric Mac Fhinn?

4. Cén réamh-mheastachán a bhí ar *Waiting for the Steamer*?

5. Cén fáth nár díoladh dhá cheann de na pictiúir?

MÍR NUACHTA III

1. Cén grúpa a d'fhorbair an cúrsa nua?

2. Cá fhad a mhaireann an cúrsa?

3. Cén grúpa ar leith atá an dearthóir ag iarraidh a mhealladh chuig an gcúrsa?

4. Cén post atá ag Ellen Curtin?

5. Cén fáth ar ghabh Ellen Curtin buíochas le *Belfast Media*?
